

Preaseisiúint ó FRA  
Vín, 28 Márta 2018

## TF: cosaint do chearta vs sáruithe ar chearta?

**Is féidir leas a bhaint as córais TF chun leanaí imirceacha atá ar iaraidh a rianú agus an bhradaíl aitheantaí a chomhrac. Mar sin féin, tá rioscaí suntasacha ann freisin do chearta bunúsacha an duine, lena n-áirítear an riosca nach gcaithfí go cothrom leo sa nós imeachta tearmainn. Ba é sin ceann de na fionnachtana i dtuarascáil nua ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA). Ós rud é go mbíonn údaráis ag brath níos mó de réir a chéile ar na córais sin, moltar sa tuarascáil dóigheanna chun cearta na ndaoine lena mbaineann a chosaint ar bhealach níos fíorr.**

*"Cuirtear borradh faoi éifeachtúlacht le TF ach cad iad na rioscaí atá ann maidir le cearta bunúsacha?" Sin í an cheist a chuireann [Michael O'Flaherty](#), Stiúrthóir FRA. "An cheist sin, a chuirtear go minic agus nach mionscrúdaítear ach go hannahm, ní mór aird ghrinn a thabhairt uirthi chun a chinntíú go seasfar leis na cearta a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Má chuirtear cosaintí cuí i bhfeidhm, cabhrófar le sáruithe ar chearta a íoslachdú agus le muinín a mhéadú i ndáil le húsáid níos leithne a bhaint as córais TF le haghaidh slándáil bhreisithe agus sreafáí imirce níos fóntha."*

Ós rud é go mbíonn níos mó úsáide á baint de réir a chéile as córais TF le haghaidh na himirce agus na slándála, pléitear tionchar na gcóras sin sa tuarascáil '[Under watchful eyes – biometrics, EU IT-systems and fundamental rights](#)'. Leagtar amach inti freisin dóigheanna chun cearta bunúsacha an duine a chosaint:

- Luigh thart ar 50% d'oifigigh theorann agus d'oifigigh víosaí san Eoraip ar chuir FRA agallamh orthu go ndéantar earráidí iontrála sonraí ina gcórais TF. D'fhéadfadh mílitriú, easpa tuisceana, nó méarloit ag shanntar don duine mícheart a bheith taobh thiar de na hearráidí sin. Is léir ón méid sin gur gá don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit dearbhú cálíochta a neartú. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go mbíonn daoine ar an eolas faoi cén fáth a bhfuil sonraí á mbailiú agus faoi cén dóigh a bhféadfar sonraí pearsanta atá míchruinn a cheartú nó a scriosadh go héasca.
- Is féidir sonraí a haiceáil; is féidir le réimis leatromacha rochtain a fháil ar shonraí daoine atá ag lorg tearmainn; agus is féidir sonraí leanaí a bheith anuas orthu agus iad fásta aníos. Chun na fadhbanna sin a réiteach, ní mór cosaintí láidre a chur i bhfeidhm lena rialáitear rochtain ar shonraí agus ní mór modhanna a thabhairt isteach le faireachán a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáidtear sonraí.

Is féidir tairbhe a bhaint as córais TF freisin. Tháinig geall le trian de ghardaí teorann ar leanaí a dúradh a bheith ar iaraidh. Is léir ón méid sin an dóigh ar féidir leas a bhaint as córais TF chun cabhrú le leanaí atá ar iaraidh nó iad siúd a bhí gáinneáilte a rianú. Ina theannta sin, is féidir faisnéis a fháil ó chórais TF faoi dhaoine a thagann isteach i dtír gan doiciméid taistil má tá a sonraí ar fáil sa chóras cheana féin. Dá bharr sin, is féidir córais TF a úsáid chun a áirithiú nach ndiúltófar rochtain do dhaoine go neamhdhleathach.

**Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach le do thoil na [ceisteanna agus freagraí agus/nó téigh i dteagmháil le: \[media@fra.europa.eu\]\(mailto:media@fra.europa.eu\)](#) / Tel.: +43 1 580 30 642**

**Nótaí d'eagarthóirí:**

- Tá córais mhórscála TF um bainistíocht teorann i bhfeidhm ag an Aontas Eorpach cheana féin (an [Córas Faisnéise Víosaí](#), [Córas Faisnéise Schengen](#) agus [córas EUROCARD](#) [um iarratasóirí ar thearmann a shainnaithint](#)). Tá sé beartaithe ag an Aontas tuilleadh córas a chruthú freisin. Tá sé beartaithe aige freisin go ndéanfadh córais chomh-inoibritheacha de na córais sin agus de chórais TF sa todhchaí ar mhaithe le faisnéis a chomhroinnt.